Tithe an Oireachtais
Houses of the Oireachtas

# Budgetary Cycle 2019

## Key documents with indicative dates – PBO publication 2 of 2019

### January

–

### February

**European Commission – European Economic Forecast (Winter 2019)**

**European Commission – Staff Working Document, Country Report Ireland**

**European Commission – 10th Post-Programme Surveillance Report in respect of Ireland (Autumn 2018)**

### March

–

### April

**Department of Finance – Stability Programme Update 2019**

Department of Public Expenditure and Reform – Public Service Performance Report 2018

**Department of the Taoiseach – National Reform Programme (NRP)**

### May

**European Commission – European Economic Forecast (Spring 2019)**

**European Commission – assessment of the 2019 Stability Programme for Ireland**

**European Commission – draft Country Specific Recommendations for Ireland**

Irish Fiscal Advisory Council (IFAC) – Ex-Post Assessment of Compliance with the Domestic Budgetary Rule in 2018

### June

IFAC – Fiscal Assessment Report (June 2019)

Department of Finance – Summer Economic Statement 2019

### July

Central Statistics Office – National Accounts Final 2018 Annual Results

**European Council – 2019 European Semester: Country Specific Recommendations**

Department of Finance – Budget 2020 Tax Strategy Group Papers

Department of Public Expenditure and Reform – Mid-Year Expenditure Report 2019

Department of Public Expenditure and Reform – Spending Review 2019 papers

**European Commission – 11th Post-Programme Surveillance Report (Spring 2019)**

National Economic Dialogue – Chair's report

### August

–

### September

IFAC – Pre-Budget 2020 Statement

### October

Department of Finance – White Paper – Estimates of Receipts and Expenditure for Year ending 31st Dec 2020

**Budget Statement 2020 and associated financial resolutions**

**Finance Bill 2019**

### November

**Department of Public Expenditure and Reform – Supplementary Estimates for Public Services 2019**

**Social Welfare Bill 2019**

**European Commission – European Semester 2020 documents including: European Economic Forecast (Autumn 2019)**

IFAC – Fiscal Assessment Report (November 2019)

### December

**Department of Public Expenditure and Reform – Revised Estimates for Public Services 2020**

**Appropriation Bill 2019**

**Documents highlighted in the calendar including those where the approval of either Dáil Éireann or both Dáil and Seanad Éireann is required:**

| | |
|---|---|
| **Budget Statement 2020 and associated financial resolutions** | The Budget Statement, presented to Dáil Éireann on Budget day, outlines the general economic and fiscal outlook and the changes the Government proposes to make to taxes and spending. TDs have the opportunity to make speeches in response to the Budget Statement. After the Budget Statement, the Government moves financial resolutions, and Dáil Éireann debates these resolutions. If the Dáil does not agree to the Government's financial resolutions, a vote is called and the resolutions are declared carried or lost. The documents most relevant to Budget 2020 are the Expenditure Report, Economic and Fiscal Outlook, and the Tax Policy Changes. It is possible that these documents may be re-combined in respect of Budget 2020. |
| • **Finance Bill**<br>• **Social Welfare Bill** | After the budget, and in order to implement the changes it proposes in the Budget Statement, the Government may need to ask the Houses of the Oireachtas to amend certain legislation. It does this by introducing Bills – for example, to change the amount of tax levied, the Government introduces a Finance Bill and to change social welfare payments, the Government introduces a Social Welfare Bill. These Bills are normally debated and passed by the Houses of the Oireachtas by the end of the year. |
| • **Appropriation Bill** | The annual Appropriation Bill proposes to give statutory effect to the individual Estimates voted by the Dáil for that year. It is voted on by the Houses of the Oireachtas when consideration of all the Departmental Estimates (including any Supplementary Estimates) has been finalised by the Dáil. |
| **Supplementary Estimates for Public Services 2019** | Dáil Éireann refers to select sectoral committees for scrutiny (November-December 2019) before return to the Dáil for vote. |
| **Revised Estimates for Public Services 2020** | Dáil Éireann refers to select sectoral committees for scrutiny (February-April 2020) before return to the Dáil for vote. |
| **European Semester** | Prior to Budget 2020, the European Semester will agree Country Specific Recommendations that the European Commission expects to be considered during the formulation of Budget 2020.<br><br>This process commenced in November 2018, and will continue with Country Reports by the Commission in February 2019. In April, Ireland will respond in the Stability Programme Update and the National Reform Programme. The Commission will publish Draft Country Specific Recommendations in May. After a process of negotiation with the Irish Government and the European Council, they will be adopted in July. The process will start again in November 2019, for Budget 2021. |

**Key:**

- Requires approval of Dáil Éireann
- Requires approval of Dáil and Seanad Éireann
- Requires approval of Dáil Éireann, usually following consideration by relevant sectoral committees
- European Semester documents (do not require approval; may be considered by the relevant Committee(s))

**Disclaimer:**

*The dates and titles of these publications are indicative only and based on the most up-to-date information available to the PBO and are subject to change. The information will be updated by the PBO if it becomes aware that publication dates and/or titles are expected to change.*

Publication date: 11 January 2019 Version 1

Tithe an Oireachtais
Houses of the Oireachtas

# An Timthriall Buiséadach, 2019

## Doiciméid ríthábhachtacha agus dátaí táscacha – foilseachán 2 den mbliain 2019

### Eanáir

–

### Feabhra

**An Coimisiún Eorpach – Tuar Eacnamaíoch na hEorpa (Geimhreadh 2019)**

**An Coimisiún Eorpach – Doiciméad Inmheánach Oibre, Tuarascáil Tíre (Éire)**

**An Coimisiún Eorpach – An 10ú Tuarascáil maidir le Faireachas Iar Chláir i leith Éireann (Fómhar 2018)**

### Márta

–

### Aibreán

**An Roinn Airgeadais – Nuashonrú ar an gClár Cobhsaíochta, 2019**

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe – Tuarascáil Feidhmíochta na Seirbhíse Poiblí, 2018

**Roinn an Taoisigh – An Clár Náisiúnta um Athchóiriú (CNA)**

### Bealtaine

**An Coimisiún Eorpach – Tuar Eacnamaíoch na hEorpa (Earrach 2019)**

**An Coimisiún Eorpach – Clár Cobhsaíochta na hÉireann 2019 – measúnú**

**An Coimisiún Eorpach – Dréachtmholtaí Tírshonracha d'Éirinn**

Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann (CCBÉ) – Measúnú Ex-Post ar Chomhlíonadh na Rialach Buiséadaí Intíre in 2018

### Meitheamh

Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann (CCBÉ) – Tuarascáil ar Mheasúnú Fioscach (Meitheamh 2019)

An Roinn Airgeadais – Ráiteas Geilleagair an tSamhraidh, 2019

### Iúil

An Phríomh-Oifig Staidrimh – Na Cuntais Náisiúnta, Torthaí Bliantúla Deiridh 2018

**An Chomhairle Eorpach – An Seimeastar Eorpach, 2019: Moltaí Tírshonracha**

An Roinn Airgeadais – Páipéir an Ghasra Straitéise Cánach do Bhuiséad 2020

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe – An Tuarascáil ar Chaiteachas ag Lár na Bliana, 2019

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe – Na páipéir maidir le hAthbhreithniú ar Chaiteachas, 2019

**An Coimisiún Eorpach – An 11ú Tuarascáil maidir le Faireachas Iar-Chláir (Earrach 2019)**

An tIdirphlé Eacnamaíoch Náisiúnta – Tuarascáil an Chathaoirligh

### Lúnasa

–

### Meán Fómhair

Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann (CCBÉ) – Ráiteas Réamh Bhuiséid 2020

### Deireadh Fómhair

An Roinn Airgeadais – Páipéar Bán – Na Meastacháin ar Fháltais agus Caiteachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

**An Ráiteas Buiséid, 2020 agus na rúin airgeadais ghaolmhara**

**An Bille Airgeadais, 2019**

### Samhain

**An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe – Na Meastacháin Fhorlíontacha i gComhair Seirbhísí Poiblí, 2019**

**An Bille Leasa Shóisialaigh, 2019**

**An Coimisiún Eorpach – Doiciméid don Seimeastar Eorpach, 2020 lena n-áirítear: Tuar Eacnamaíoch na hEorpa (Fómhar 2019)**

Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann (CCBÉ) – An Tuarascáil Measúnachta Fioscaí (Samhain 2019)

### Nollaig

**An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe – Na Meastacháin Athbhreithnithe i gcomhair Seirbhísí Poiblí, 2020**

**An Bille Leithreasa, 2019**

**Séanadh:**

*Is dátaí agus teidil tháscacha amháin dátaí agus teidil na bhfoilseachán seo agus tá siad bunaithe ar an bhfaisnéis is déanaí atá ar fáil ag an Oifig Buiséid Pharlaiminteach agus d'fhéadfadh athrú teacht orthu. Déanfaidh an Oifig Buiséid Pharlaiminteach an fhaisnéis a thabhairt cothrom le dáta má fhaigheann sí amach go gceaptar go mbeidh athrú ar dhátaí foilsithe agus/nó ar theidil.*

**Doiciméid atá aibhsithe san fhéilire, lena n-áirítear iad siúd a dteastaíonn ceadú Dháil Éireann nó ceadú Dháil agus Sheanad Éireann araon i ndáil leo:**

| | |
|---|---|
| **Ráiteas Buiséid, 2020 agus na rúin airgeadais ghaolmhara** | Déantar sa Ráiteas Buiséad, a chuirtear faoi bhráid Dháil Éireann Lá an Bhuiséid, cuntas a thabhairt ar an ionchas ginearálta eacnamaíoch agus fioscach agus ar na hathruithe atá beartaithe ag an Rialtas a dhéanamh ar chánacha agus ar chaiteachas. Bíonn deis ag Teachtaí Dála óráidí a dhéanamh mar fhreagra ar an Ráiteas Buiséid. Tar éis an Ráitis Buiséid a thabhairt, tairgeann an Rialtas rúin airgeadais, agus déanann Dáil Éireann díospóireacht ar na rúin sin. Mura n-aontaíonn an Dáil le rúin airgeadais an Rialtais, déantar vótáil a ghairm agus dearbhaítear cibé acu a cailleadh nó a ritheadh na rúin. Is iad an Tuarascáil ar Chaiteachas, an tIonchas Eacnamaíochta agus Fioscach agus Na hAthruithe ar Bheartas Cánach na doiciméid is mó a bhainfidh le hábhar maidir le Buiséad 2020. D'fhéadfaí na doiciméid sin a ath-chomhcheangal maidir le Buiséad 2020. |
| • **An Bille Airgeadais**<br>• **An Bille Leasa Shóisialaigh** | Tar éis an bhuiséid, d'fhonn na hathruithe a bheartaíonn sé sa Ráiteas Buiséid a chur i ngníomh, d'fhéadfadh gur ghá don Rialtas a iarraidh ar Thithe an Oireachtais reachtaíocht áirithe a leasú. Déanann sé é sin trí Bhillí a thabhairt isteach. Mar shampla, chun an méid cánach a ghearrtar a athrú, tugann an Rialtas Bille Airgeadais isteach agus chun íocaíochtaí leasa shóisialaigh a athrú, tugann an Rialtas Bille Leasa Shóisialaigh isteach. Is gnách go ndéanann Tithe an Oireachtais díospóireacht ar na Billí sin agus iad a rith faoi dheireadh na bliana. |
| • **An Bille Leithreasa** | Beartaítear leis an mBille Leithreasa bliantúil éifeacht reachtúil a thabhairt do na Meastacháin aonair arna vótáil ag an Dáil don bhliain sin. Déanann Tithe an Oireachtais vótáil ar an mBille sin nuair a bhíonn breithniú ar Mheastacháin na Ranna go léir (lena n-áirítear aon Mheastacháin Fhorlíontacha) críochnaithe ag an Dáil. |
| **Na Meastacháin Fhorlíontacha i gComhair Seirbhísí Poiblí, 2019** | Déanann Dáil Éireann iad a tharchur chuig roghchoistí earnála lena ngrinnscrúdú (Samhain – Nollaig 2019) sula gcuirtear ar ais chun na Dála iad le haghaidh vótála. |
| **Na Meastacháin Athbhreithnithe i gcomhair Seirbhísí Poiblí, 2020** | Déanann Dáil Éireann iad a tharchur chuig roghchoistí earnála lena ngrinnscrúdú (Feabhra – Aibreán 2020) sula gcuirtear ar ais chun na Dála iad le haghaidh vótála. |
| **An Seimeastar Eorpach** | Sula bhfoilseofar Buiséad 2020, déanfar Moltaí Tír-Shonracha a chomhaontú tríd an Seimeaster Eorpach, Moltaí a bhfuil an Coimisiún Eorpach ag súil leis go gcuirfear san áireamh iad le linn Buiséad 2020 a chur i dtoll a chéile.<br>Cuireadh tús leis an bpróiseas seo i mí na Samhna 2018, agus leanfar leis le Tuarascálacha Tíre a fhoilseoidh an Coimisiún i mí Feabhra 2019. I mí Aibreáin, tabharfaidh Éire a freagra san Uasdátú ar an gClár Cobhsaíochta agus sa Chlár Athchóirithe Náisiúnta. Foilseoidh an Coimisiún Dréacht-Mholtaí Tír-Shonracha i mí na Bealtaine. Tar éis próiseas caibidlíochta le Rialtas na hÉireann agus leis an gComhairle Eorpach, déanfar iad a ghlacadh i mí Iúil. Cuirfear tús arís leis an bpróiseas i mí na Samhna 2019 do Bhuiséad 2021. |

**Eochair:**

- Ceadú Dháil Éireann ag teastáil
- Ceadú Dháil Éireann agus Sheanad Éireann ag teastáil
- Ceadú Dháil Éireann ag teastáil, go hiondúil tar éis breithniú a bheith déanta ag na coistí earnála iomchuí
- Doiciméid an tSeimeastair Eorpaigh (ní theastaíonn ceadú i ndáil leo; féadfaidh an coiste/na coistí iomchuí iad a bhreithniú)

An dáta foilsithe: 11 Eanáir 2019 Leagan 1